COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH

GA

11179/12

(OR. en)

PRESSE 261
PR CO 38

# PREASEISIÚINT

An 3176ú cruinniú de chuid na Comhairle

## Talmhaíocht agus Iascach

Lucsamburg, 18 Meitheamh 2012

An tUachtarán **Mette GJERSKOV**
Aire Bia, Talmhaíochta agus Iascaigh na Danmhairge

**P R E A S**

Rue de la Loi 175 B – 1048 AN BHRUISÉIL Teil.: +32 (0)2 281 8352 / 6319 Facs: +32 (0)2 281 8026
press.office@consilium.europa.eu http://www.consilium.europa.eu/Newsroom

## Príomhthorthaí na Comhairle

*Maidir le talmhaíocht, bhí díospóireacht phoiblí ag na hairí go sonrach faoin bh****forbairt tuaithe*** *faoi chuimsiú an athchóirithe ar an CBT.*

*Ina theannta sin, chuir an Uachtaránacht* ***tuarascáil ar dhul chun cinn*** *faoi bhráid na Comhairle i dtaca leis* ***an athchóiriú ar an gComhbheartas Talmhaíochta (CBT).***

*Ansin ghlac an Chomhairle conclúidí maidir* ***le cosaint agus leas ainmhithe****.*

*Ar deireadh, cuireadh na hAirí ar an eolas faoin* ***gcosaint atá á tabhairt do chránacha sna Ballstáit****, faoi* ***chruinniú talmhaíochta an G20*** *i Meicsiceo,* ***na dréachtchonclúidí ón gComhairle faoi thionchar na frithsheasmhachta in aghaidh ábhair fhrithmhiocróbaigh****, faoi* ***thuarascáil ar tháirgeadh orgánach*** *agus* ***dála an mhargaidh do bhainne agus do tháirgí bainne.***

# CLÁR[1]

**RANNPHÁIRTITHE** ........ **5**

## MÍREANNA A PLÉADH

Athchóiriú ar an CBT- forbairt tuaithe ........ 7

Athchóiriú ar an gComhbheartas Talmhaíochta - tuarascáil ar dhul chun cinn ........ 9

Leas ainmhithe ........ 10

Aon ghnó eile ........ 12

## MÍREANNA EILE A FORMHEASADH

*TALMHAÍOCHT*

– Seasamh ón AE ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Fíniúna agus Fíona ........ 16

– Comhpháirtíocht Eorpach um Nuáil maidir leis an talmhaíocht ........ 16

*DLÍ AN BHIA*

– Bord bainistíochta an EFSA - Ceapadh seachtar comhalta ........ 17

*COSAINT NA dTOMHALTÓIRÍ*

– Clár na dTomhaltóirí 2014 - 2020 ........ 17

*GNÓTHAÍ EACNAMAÍOCHA AGUS AIRGEADAIS*

– Dearadh bonn euro ........ 18

*COMHBHEARTAS SLÁNDÁLA AGUS COSANTA*

– EUAVSEC an tSúdáin Theas ........ 18

*TIONSCLAÍOCHT*

– Saintreoracha teicniúla i gcomhair feithiclí rothacha ........ 19

[1]
- I gcás ina mbeidh dearbhuithe, conclúidí nó rún glactha go foirmiúil ag an gComhairle, léirítear é seo sa cheannteideal don ábhar lena mbaineann agus cuirtear an téacs idir chomharthaí athfhriotail.
- Doiciméid a dtugtar tagairtí dóibh sa téacs, tá siad ar fáil ar láithreán Idirlín na Comhairle (http://www.consilium.europa.eu).
- Gníomhartha a glacadh le dearbhuithe do mhiontuairiscí na Comhairle agus a fhéadfar a scaoileadh leis an bpobal, taispeántar le réiltín iad; tá na dearbhuithe seo ar fáil ar láithreán Idirlín na Comhairle nó féadfar iad a fháil ón bPreas-Oifig.

*MAOIN INTLEACHTÚIL*

– Comhdháil Taidhleoireachta an EDMI ........ 19

# RANNPHÁIRTITHE

| | |
|---|---|
| **An Bheilg:** | |
| Sabine LARUELLE | An tAire Meánaicme, FBManna, Daoine Féinfhostaithe agus Talmhaíochta |
| **An Bhulgáir:** | |
| Svetlana BOYANOVA | An tAire Talmhaíochta agus Foraoiseachta |
| **Poblacht na Seice:** | |
| Martin HLAVÁČEK | An Leas-Aire Talmhaíochta |
| **An Danmhairg:** | |
| Mette GJERSKOV | An tAire Bia, Talmhaíochta agus Iascaigh |
| **An Ghearmáin:** | |
| Ilse AIGNER | An tAire Cónaidhme Bia, Talmhaíochta agus Cosanta Tomhaltóirí |
| Robert KLOOS | Státrúnaí, An Aireacht Chónaidhme Bia, Talmhaíochta agus Cosanta Tomhaltóirí |
| **An Eastóin:** | |
| Gert ANTSU | Leas-Bhuanionadaí |
| **Éire:** | |
| Simon COVENEY | An tAire Talmhaíochta, Bia agus Mara |
| **An Ghréig:** | |
| Napoleon MARAVEGIAS | An tAire Forbartha Tuaithe agus Bia |
| **An Spáinn:** | |
| Miguel ARIAS CAÑETE | An tAire Bia, Talmhaíochta agus Comhshaoil |
| **An Fhrainc:** | |
| Stéphane LE FOLL | An tAire Talmhaíochta agus Agraibhia |
| **An Iodáil** | |
| Mario CATANIA | An tAire Talmhaíochta, Bia agus Beartais Foraoiseachta |
| **An Chipir:** | |
| Sofoclis ALETRARIS | An tAire Talmhaíochta, Acmhainní Nádúrtha agus Comhshaoil |
| **An Laitvia:** | |
| Edvards SMILTĒNS | Rúnaí Parlaiminte, An Aireacht Talmhaíochta |
| **An Liotuáin:** | |
| Kazys STARKEVIČIUS | An tAire Talmhaíochta |
| Mindaugas KUKLIERIUS | An Leas-Aire Talmhaíochta |
| **Lucsamburg:** | |
| Romain SCHNEIDER | An tAire Talmhaíochta, Fíonsaothraithe agus Forbartha Tuaithe |
| **An Ungáir:** | |
| György CZERVÁN | Státrúnaí, an Aireacht Forbartha Tuaithe |
| **Málta:** | |
| Patrick MIFSUD | Leas-Bhuanionadaí |
| **An Ísiltír:** | |
| Henk BLEKER | An tAire Talmhaíochta agus Trádála Eachtraí |
| **An Ostair:** | |
| Nikolaus BERLAKOVICH | An tAire Cónaidhme Talmhaíochta, Foraoiseachta, Comhshaoil agus Bainistithe Uisce |
| **An Pholainn:** | |
| Marek SAWICKI | An tAire Talmhaíochta agus Forbartha Tuaithe |
| **An Phortaingéil:** | |
| José DIOGO ALBUQUERQUE | An Státrúnaí Talmhaíochta |

| | |
|---|---|
| **An Rómáin:** | |
| Daniel CONSTANTIN | An tAire Talmhaíochta agus Forbartha Tuaithe |
| **An tSlóivéin:** | |
| Branko RAVNIK | An Státrúnaí san Aireacht Talmhaíochta agus Comhshaoil |
| **An tSlóvaic:** | |
| Ľubomír JAHNÁTEK | An tAire Talmhaíochta agus Forbartha Tuaithe |
| Magdalena LACKO-BARTOŠOVÁ | Státrúnaí, An Aireacht Talmhaíochta agus Forbartha Tuaithe |
| **An Fhionlainn:** | |
| Risto ARTJOKI | An Státrúnaí |
| **An tSualainn:** | |
| Eskil ERLANDSSON | An tAire Gnóthaí Tuaithe |
| **An Ríocht Aontaithe:** | |
| Jim PAICE | An tAire Stáit Comhshaoil, Bia agus Gnóthaí Tuaithe |
| **An Coimisiún:** | |
| Dacian CIOLOŞ | Comhalta |
| John DALLI | Comhalta |

## ÁBHAIR A PLÉADH

### Athchóiriú ar an CBT - forbairt tuaithe

Bhí díospóireacht treoraíochta ag na hAirí maidir leis an togra le haghaidh rialacháin maidir le forbairt tuaithe (15425/1/11) faoi chuimsiú an athchóirithe ar an CBT (10687/12).

Tacaíonn na Ballstáit ar an iomlán leis an bprionsabal go mba cheart don CBT cabhrú go mór le dul i ngleic leis na dúshláin a bhaineann leis an gcomhshaol, leis an mbithéagsúlacht agus le maolú ar an athrú aeráide agus le hoiriúnú don athrú sin. Mar sin féin, bhí tuairimí ar leith acu maidir le tairseach a leagan síos in aithris 28 den togra le haghaidh forbartha tuaithe, mar ar mhol an Coimisiún, mar threoir, go gcaithfeadh na ballstáit 25% ar a laghad den ranníocaíocht iomlán ón CETFT do gach clár forbartha tuaithe ar an athrú aeráide a mhaolú, ar oiriúnú don athrú sin agus ar bhainistiú talún. Dúirt an Coimisiún, go ríléir, nár oibleagáid é an méid sin ach treoir ós rud é go bhféadfadh Ballstáit áirithe níos mó a chaitheamh agus tuilleadh acu níos lú a chaitheamh agus go n-éireodh leo na cuspóirí comhshaoil céanna a bhaint amach. Chuir roinnt toscaireachtaí i gcoinne íoscheanglais ach ba dhíol sásaimh do chuid eile díobh an moladh agus mhol siad go leagfaí amach oibleagáid a bheadh ina cheangal do na Ballstáit go léir. D'iarr cuid de na toscaireachtaí go méadófaí an céatadán go 50% fiú. Mheas líon áirithe de na ballstáit go mba cheart a raon feidhme a shíneadh agus go n-áireofaí, i measc nithe eile, íocaíochtaí le Natura 2000, leis an gcreat-treoir uisce agus le gníomhaíochtaí foraoiseachta.

Is ionann rátaí cómhaoinithe chun tacú le forbairt tuaithe agus cuid den bhosca caibidlíochta le haghaidh an CAI (2014-2020). Phléigh na ballstáit é go ginearálta gur gá córas simplí, spriocdhírithe a chur ar bun i gcomhair gníomhaíochtaí maoinithe chun cuspóirí an AE i ndáil le forbairt tuaithe a bhaint amach. Sa togra ón gCoimisiún, beartaítear uasráta aonair cómhaoinithe i gcás formhór na mbeart a dtacaíonn an ciste Eorpach talmhaíochta um fhorbairt tuaithe (CETFT) leo agus gan ann ach roinnt eisceachtaí a d'fhéadfadh tairbhe a bhaint as rátaí níos airde cómhaoinithe. Chuir roinnt toscaireachtaí in iúl gur thacaigh siad leis an togra sin mar atá sé agus rinne toscaireachtaí eile roinnt moltaí maidir le ráta caighdeánach níos airde agus rátaí níos airde i gcás oibríochtaí a chuidíonn le cuspóirí an chomhshaoil a bhaint amach agus leis an athrú aeráide a mhaolú agus le hoiriúnú don athrú sin agus le bainistiú riosca agus leis an nuáil.

D'iarr cuid de na ballstáit gan cómhaoiniú náisiúnta a chur ar fáil i gcomhair aistrithe ó cholún I go colún II.

Chuir roinnt mhaith ballstát in iúl gurbh shaincheist atá fós gan réiteach na bearta maidir le huisciú agus gur chóir don Chomhairle iad a phlé.

Bhí an pacáiste maidir le hathchóiriú an CBT á chur i láthair ag an gCoimisiún ag an gcruinniú de chuid na Comhairle Talmhaíochta i nDeireadh Fómhair 2011. Bhí díospóireachtaí beartas ag an gComhairle cheana féin i dtaca leis na tograí le haghaidh rialachán maidir le híocaíochtaí díreacha, le forbairt tuaithe agus le heagrú an chómhargaidh aonair le linn na dtrí chruinniú deiridh a bhí ag an gComhairle Talmhaíochta i mí na Samhna agus i mí na Nollag na bliana seo caite agus i mí Eanáir na bliana seo.

Bhí díospóireacht ag na hairí i mí an Mhárta maidir le simpliú an CBT. Le linn an chruinnithe i mí Aibreáin, bhí díospóireacht treoraíochta ag an gComhairle maidir le feirmeoirí óga, feirmeoirí beaga agus tacaíocht chúpláilte dheonach agus bhreisithe d'fheirmeoirí i limistéir a bhfuil srianta nádúrtha iontu, agus maidir le hathdháileadh inmheánach, maidir leis an sainmhíniú ar an "feirmeoir gníomhach" agus tacaíocht d'fheirmeacha móra a uasteorannú. Bhí díospóireacht eile threoraíochta ag an gComhairle i mí na Bealtaine maidir le glasú an CBT. Maidir leis an CBT a athchóiriú, thíolaic an Uachtaránacht a tuarascáil ar dhul chun cinn (féach an chéad ítim eile) le cois na díospóireachta treoraíochta sin.

**Athchóiriú ar an gComhbheartas Talmhaíochta - tuarascáil ar dhul chun cinn**

Chuir an Uachtaránacht a tuarascáil ar dhul chun cinn faoi bhráid na n-airí i dtaca leis an athchóiriú ar an gcomhbheartas talmhaíochta (CBT) (*8949/12*).

Ba dhíol sásaimh d'fhormhór na mballstát an tuarascáil sin ar dhul chun cinn toisc gur léirigh sé go cruinn agus go cothrom an díospóireacht a bhí acu sa Chomhairle, ina leagfaí bonn maith faoin gcéad chéim eile den phróiseas a thiocfaidh faoi Uachtaránacht na Cipire agus faoi Uachtaránacht na hÉireann. Thug siad dá n-aire chomh maith go raibh ar na chéad uachtaránachtaí eile níos mó plé a dhéanamh ar na saincheisteanna oscailte. Chuir roinnt toscaireachtaí na saincheisteanna tábhachtacha dóibhsean in iúl, go háirithe maidir le huasteorainn, le híocaíochtaí díreacha a chóineasú agus glasú.

Tarraingítear aird, sa tuarascáil sin, ar an dul chun cinn a rinneadh sa chéad sé mhí de 2012 maidir leis na tograí le haghaidh an CBT a athchóiriú. Dréachtaíodh é faoi chúram na hUachtaránachta agus tá sé bunaithe ar sheasamh na Comhairle agus na gcomhlachtaí ullmhúcháin an seimeastar sin. Soiléirítear ann nach mbeidh aon chomhaontú ann go dtí go mbeidh gach rud comhaontaithe.

Leagtar béim sa tuarascáil ar na hiarrachtaí a rinne an Uachtaránacht, go háirithe i ndáil le solúbthacht mhéadaithe, simpliú agus glasú. Léirítear sa tuarascáil na príomhleasuithe a moladh maidir leis na tograí ón gCoimisiún agus tá sé tugtha dá haire ag an Uachtaránacht go dtacaíonn na toscaireachtaí leo ar an mórchóir. Is é is aidhm do na leasuithe a mhol an Uachtaránacht, roinnt saincheisteanna, atá tarraingte anuas ag na toscaireachtaí, a réiteach, go háirithe lena áirithiú gur féidir reachtaíocht an CBT amach anseo a chur i gcrích go praiticiúil agus gur féidir é a chur chun feidhme ar bhealach a bheadh éifeachtach ó thaobh costais de.

Sainaithnítear sa tuarascáil freisin na príomh-shaincheisteanna atá fós gan réiteach, mar a bhí i mí an Mheithimh 2012, i gcás gach ceann de na tograí, lena n-áirítear saincheisteanna sa bhosca caibidlíochta maidir le teideal 2 den chreat airgeadais ilbhliantúil (CAI).

Déantar idirdhealú, sa tuarascáil, idir trí chatagóir saincheisteanna:

– saincheisteanna a dtugann na toscaireachtaí, ar an mórchóir, tacaíocht dóibh maidir leis na leasuithe a mhol an Uachtaránacht a dhéanamh ar na tograí ón gCoimisiún;

– saincheisteanna a bhí fós gan réiteach i mí an Mheithimh 2012;

– saincheisteanna a áirítear sa bhosca caibidlíochta maidir leis an gCreat Airgeadais Ilbhliantúil agus a ndéanfaidh an Chomhairle Eorpach cinneadh ina leith ar deireadh.

**Leas ainmhithe**

Ghlac an Chomhairle conclúidí maidir le cosaint agus leas ainmhithe (*10478/12 ADD1*). Ag an bpointe sin, mhínigh roinnt ballstát a seasamh náisiúnta trí ráitis do mhiontuairiscí na Comhairle (*10478/12 ADD2-ADD5*).

Dírítear sna conclúidí sin go sonrach ar na doiciméid a leanas ón gCoimisiún:

– Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le straitéis an AE i ndáil le cosaint agus leas ainmhithe 2012-2015 (*5398/1/12*).

– Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir leis an tionchar atá ag rialachán 1/2005 maidir le cosaint ainmhithe agus iad á n-iompar (*16798/11*).

Cuireadh teachtaireacht i ndáil le straitéis an AE maidir le leas ainmhithe faoi bhráid na Comhairle ag an gcruinniú a bhí aici i mí Eanáir. Ba dhíol sásaimh do roinnt mhaith Ballstát, cheana féin an uair sin, na príomhghnéithe a mholtar sa straitéis seo, amhail an creat reachtach reatha a chur chun feidhme go comhchuí sa réimse seo, agus tomhaltóirí a chur ar an eolas ar bhealach níos fearr nó an leas is fearr is féidir a bhaint as sineirgí leis an CBT. Léirigh roinnt toscaireachtaí eile an gá atá ann do bhearta lena n-áirithítear iomaíochas domhanda oibreoirí an AE i leith tríú tíortha nár chuir na caighdeáin chéanna i bhfeidhm maidir le leas ainmhithe.

Tá an straitéis nua seo, a mhairfidh ceithre bliana, dírithe ar chosaint agus leas ainmhithe a fheabhsú tuilleadh san AE trí réimse leathan bearta lena n-áirítear trí na gníomhaíochtaí atá ar bun faoi láthair a threisiú agus trí chreat reachtach cuimsitheach a bhunú do leas ainmhithe.

Thíolaic an Coimisiún tuarascáil, ag cruinniú na Comhairle i mí na Nollag 2011, maidir leis an reachtaíocht reatha a bhaineann le cosaint ainmhithe agus iad á n-iompar a chur chun feidhme. Tá rialacha i bhfeidhm ag an AE ó 1977 i leith lena rialaítear leas ainmhithe agus iad á n-iompar. Rinneadh reachtaíocht an AE a nuashonrú go deireanach le rialachán 1/2005 maidir le cosaint ainmhithe agus iad á n-iompar agus tá foráil ann don tuarascáil sin.

Cuirtear síos sa tuarascáil ar an dul chun cinn ar chur i bhfeidhm rialachán an AE maidir le hiompar ainmhithe, agus sainaithnítear roinnt bealaí inti chun aghaidh a thabhairt ar na fadhbanna atá tagtha chun cinn. Ní ghabhann togra reachtach leis an tuarascáil, áfach. Léirigh an Coimisiún nach mór bearta áirithe a fhorfheidhmiú go cuí agus sheas sé ar chomhchuibhiú agus an rialachán sin á chur chun feidhme. Is díol sásaimh tríd is tríd an tuarascáil sin, cé gur choimeád roinnt toscaireachtaí a n-iarraidh le haghaidh tuilleadh gníomhaíochta reachtaí.

D'eagraigh an Uachtaránacht agus an Coimisiún comhdháil chomhpháirteach sa Bhruiséil, an 29 Feabhra - 1 Márta 2012, agus phléigh ionadaithe ó na ballstáit, ón AE, páirtithe idirnáisiúnta agus geallsealbhóirí an teachtaireacht i ndáil le straitéis an AE maidir le leas ainmhithe. Chuir an méid a tháinig as an gcomhdháil leis an ullmhúchán do na conclúidí.

Tá cur síos freisin sa tuarascáil sin, ar baineadh leas aisti chun na conclúidí a ullmhú, ar an dul chun cinn a rinneadh chun rialachán an AE maidir le hiompar ainmhithe a chur i bhfeidhm, agus sainaithnítear inti roinnt bealaí a bhféadfaí aghaidh a thabhairt ar na deacrachtaí atá tagtha chun cinn. Ní ghabhann togra reachtach leis an tuarascáil, áfach. Léirigh an Coimisiún nach mór bearta áirithe a fhorfheidhmiú go cuí agus chuir sé brú go mbeadh chomhchuibhiú agus an rialachán sin á chur chun feidhme san AE.

Tá rialacha i bhfeidhm ag an AE ó 1977 i leith lena rialaítear leas ainmhithe agus iad á n-iompar. Is é is aidhm do na rialacha sin na bacainní teicniúla ar thrádáil ainmhithe beo a bhaint agus a chur ar chumas eagraíochtaí an mhargaidh feidhmiú go rianúil, agus leibhéal sásúil cosanta a áirithiú i gcás na n-ainmhithe lena mbaineann.

Rinneadh reachtaíocht an AE a nuashonrú go deireanach le rialachán 1/2005 maidir le cosaint ainmhithe agus iad á n-iompar agus tá foráil ann do thuarascáil ar an tionchar atá ag an reachtaíocht sin.

**Aon ghnó eile**

**Leas na n-ainmhithe - muca a chosaint**

Chuir an Coimisiún an Chomhairle ar an eolas faoin spriocdháta atá ann maidir leis na ceanglais nua i dtaobh leas na n-ainmhithe dá bhforáiltear i dTreoir 2008/120 lena leagtar síos na híoschaighdeáin chun muca a chosaint (*10748/12*).

Faoi mar a rinneadh ag cruinniú na Comhairle i mí Aibreáin mar ar pléadh an tsaincheist sin, thug an Coimisiún le fios gur gá cloí leis an spriocdháta chun na ceanglais nua éigeantacha maidir le cránacha torracha a chur chun feidhme. Measadh go raibh éileamh mór ann ó thomhaltóirí maidir leis an tsaincheist sin agus gur cheart gach rud a dhéanamh chun nach mbeadh aon saobhadh iomaíochta ann idir na Ballstáit an 1 Eanáir 2013. Rinneadh na hiarmhairtí a leanann an neamhchomhlíonadh a lua.

Tugadh isteach ceanglais nua tithíochta le Treoir 2001/88 lena leasaítear Treoir 91/630. Ar na ceanglais sin, i measc nithe eile, áirítear na ceanglais do chróite coiteanna éigeantacha i gcás cránacha torracha agus céiseanna, rochtain bhuan ar ábhair fréamhaithe, agus an t-íoscheanglas nua do dhromchlaí urlárlacha. Dhírigh an Coimisiún ar cheanglas na gcróite coiteanna i gcás cránacha torracha agus céiseanna. Ní mór do na ballstáit an ceanglas a chur chun feidhme ón 1 Eanáir 2013 ar aghaidh.

**Cruinniú talmhaíochta an G20 i Meicsiceo**

Chuir an Uachtaránacht na hairí ar an eolas faoin toradh a bhí ar chruinniú leas-airí talmhaíochta an G20 a tionóladh i gCathair Mheicsiceo an 17-18 Bealtaine 2012.

D'iarr Uachtaránacht G20 Mheicsiceo ar leas-airí talmhaíochta an G20 moltaí a chur le chéile i dtaca le táirgeacht agus le táirgiúlacht talmhaíochta chun leanúint leis an obair a bhaineann le plean gníomhaíochta na bliana 2011 maidir le luaineacht praghsanna bia agus le talmhaíocht, agus iad a chur faoi bhráid chruinniú mullaigh an G20 in Los Cabos (an 18 - 19 Meitheamh 2012).

Thug rannpháirtithe na gcruinnithe i gCathair Mheicsiceo aitheantas don dul chun cinn suntasach a rinneadh maidir leis an bplean gníomhaíochta a chur chun feidhme i dtaca le saincheisteanna áirithe amhail an córas faisnéise talmhaíochta (AIMS) nó fóram na freagartha gasta (RRF). D'admhaigh siad áfach gur gá tuilleadh a dhéanamh chun an plean gníomhaíochta sin a chur chun feidhme. An 18 Bealtaine 2012, chomhaontaigh siad moltaí maidir le slándáil bia a bhí le cur faoi bhráid an G20.

Leis na moltaí, áirítear an tuarascáil a d'ullmhaigh líon áirithe eagraíochtaí idirnáisiúnta agus ar a ndearna Eagraíocht Bhia agus Talmhaíochta na Náisiún Aontaithe (FAO) agus an Eagraíocht um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta (ECFE) comhordú, dar teideal "Feabhas a chur ar Fhás Domhanda Inbhuanaithe na Táirgiúlachta Talmhaíochta agus an Bhearna a Laghdú le haghaidh feirmeacha beaga teaghlaigh".

Leagtar béim sna moltaí ar an dúshlán is mó atá romhainn inniu: táirgeacht agus táirgiúlacht talmhaíochta a mhéadú ar bhealach inbhuanaithe.

**Frithsheasmhacht in aghaidh ábhair fhrithmhiocróbaigh - tíolacadh na gconclúidí**

Chuir an Uachtaránacht an Chomhairle ar an eolas faoi thionchar na frithsheasmhachta in aghaidh ábhair fhrithmhiocróbaigh (AMR) san earnáil sláinte daonna agus san earnáil tréidliachta (*10582/12*) agus chuir sí na hairí ar an eolas faoi na dréacht-chonclúidí maidir leis an tsaincheist sin a d'fhéadfaí a ghlacadh ag Comhairle EPSCO ag an gcruinniú a bheidh aici an 22 Meitheamh 2012 (*10347/12*).

Tar éis Chomhdháil na hUachtaránachta maidir le "Frithsheasmhacht in aghaidh ábhair fhrithmhiocróbaigh a Chomhrac - Gníomhú le Chéile" a reáchtáladh i gCóbanhávan an 14-15 Márta 2012, mhol an Uachtaránacht dréachtchonclúidí ón gComhairle maidir le frithsheasmhacht in aghaidh ábhair fhrithmhiocróbaigh.

Is lú i bhfad anois an baol a bhaineann le galair thógálacha a bhuíochas d'ábhair fhrithmhiocróbacha. Ach mar sin féin, cealaítear an buntáiste sin toisc go bhfuil miocróib fhrithsheasmhacha tagtha chun cinn agus ag leathadh. Ní ghéilleann na galair sin a eascraíonn as miocróib fhrithsheasmhacha don chóir leighis, agus dá bhrí sin maireann an bhreoiteacht i bhfad níos sia agus is mó an baol atá ann go bhfaigheadh duine bás. Nuair a theipeann ar an gcóir leighis, is faide an tréimhse ionfhabhtaíochta, rud a mhéadaíonn líon na ndaoine a thógann an galar agus dá bhrí sin cuirtear an pobal i gcoitinne i mbaol tréithchineál frithsheasmhach den ghalar a tholgadh. Is iad is measa ar fad na galair sin atá ag éirí frithsheasmhach ar gach uile dhruga, geall leis, atá ar fáil faoi láthair. Fiú dá gcuirfeadh tionscail na cógaisíochta dlús leis an obair atá ar bun acu drugaí nua a fhorbairt láithreach le cur in áit na ndrugaí atá ann cheana, tugtar le fios, leis na treochtaí atá ann i láthair na huaire, nach mbeidh aon teiripí éifeachtacha ann in aghaidh galar áirithe faoi cheann deich mbliana.

In 2008, ghlac an Chomhairle conclúidí maidir le AMR (9637/08*)* agus d'iarr sí ar an gCoimisiún agus ar na ballstáit faireachán comhordaithe a dhéanamh ar an bhfrithsheasmhacht in aghaidh ábhair fhrithmhiocróbaigh, ar úsáid frithmhiocróbán agus feabhas a chur ar an bhfaireachán sin, agus cur le feasacht an phobail agus le feasacht gairmithe tréidliachta agus gairmithe cúraim sláinte maidir le AMR, maidir le leas stuama a bhaint as antaibheathaigh i ndaoine agus in ainmhithe agus maidir le cleachtais chun ionfhabhtuithe a shrianadh.

In 2011, d'fhoilsigh an Coimisiún plean gníomhaíochta i gcoinne na mbagairtí méadaithe ó fhrithsheasmhacht in aghaidh ábhair frithmhiocróbaigh ina bhfuil 12 ghníomhaíocht le cur chun feidhme i mballstáit an AE agus ina sainaithnítear 7 réimse ina bhfuil géarghá le bearta, lena n-áirítear ábhair nua fhrithmhiocróbacha a fhorbairt nó roghanna eile a fhorbairt mar chóir leighis (16939/11*)*.

**Táirgeadh orgánach agus lipéadú táirgí orgánacha**

Chuir an Coimisiún na hairí ar an eolas faoi thuarascáil maidir le cur chun feidhme rialachán 834/2007 maidir le táirgeadh orgánach agus lipéadú táirgí orgánacha (*10575/12*).

Tá sé beartaithe ag an gCoimisiún meastóireacht mhionsonraithe a thíolacadh maidir le cur chun feidhme an rialacháin sin ag deireadh na bliana 2013 bunaithe ar mheasúnú ar thionchar. Mar thoradh ar an díospóireacht sin, féadfaidh an Coimisiún tograí dlí a chur chun cinn ina dhiaidh sin.

Is é rialachán 834/2007 agus na téacsanna cur chun feidhme a ghabhann leis creat dlí an bhia orgánaigh agus na feirmeoireachta orgánaí ar leibhéal an AE.

An tráth ar glacadh é, thug an Chomhairle le fios go bhfuil forbairt dhinimiciúil ag teacht ar an earnáil orgánach agus d'iarr sí go ndéanfaí athbhreithniú amach anseo ar roinnt saincheisteanna a mheas sí ar chóir an taithí a fuarthas trí na rialacha nua a chur i bhfeidhm a chur san áireamh. Seo a leanas na saincheisteanna sin:

– raon feidhme an rialacháin féin;

– an toirmeasc atá ar leas a bhaint as orgánaigh ghéinmhodhnaithe (OGManna);

– feidhmiú an mhargaidh inmheánaigh agus an chórais rialaithe.

Thángthas ar an tuairim, sa tuarascáil, go bhfuil sé róluath go fóill tograí a chur isteach chun an rialachán seo a athrú, go háirithe agus an togra comhfhreagrach atá le hailíniú le Conradh Liospóin á phlé i gcónaí sa Pharlaimint agus sa Chomhairle. Ach d'fhéadfaí leas a bhaint as na gnéithe fíorasacha den tuarascáil sin chun cur leis an díospóireacht ar an rialachán maidir le feirmeoireacht orgánach.

Meastar sa tuarascáil gur saincheisteanna lárnacha iad na nithe seo a leanas agus an talmhaíocht orgánach á plé amach anseo: an creat reachtach a shimpliú - agus a chinntiú ag an am céanna nach lagaítear na caighdeáin, cómhaireachtáil a bheith ann idir barra géinmhodhnaithe agus barra orgánacha, go háirithe, feabhas a chur ar an gcóras rialaithe agus ar chóras na cóibhéise i dtrádáil táirgí orgánacha.

**Dála an mhargaidh i gcás bainne agus táirgí bainne**

Chuir toscaireachtaí na Polainne agus na Liotuáine na hairí ar an eolas faoi dhála an mhargaidh i gcás bainne agus táirgí bainne (11284/12, 11295/12).

Faoi mar a bhí ag an gcruinniú i mí Aibreáin, tráth ar tharraing an Pholainn an cheist sin anuas, thacaigh roinnt ballstát leis an iarratas a rinne an Pholainn agus an Liotuáin ar an gCoimisiún bearta margaidh a chur i bhfeidhm chun freagairt do thitim na bpraghsanna i margadh an bhainne agus na déiríochta.

Chuir an Coimisiún in iúl go raibh sé ar an eolas faoin gcás agus go raibh súil ghéar á coinneáil aige ar fhorbairt mhargadh an bhainne. Bunaithe ar an meastóireacht a dhéanfaidh sé ar an gcás, fillfidh an Coimisiún ar an ábhar sin arís ag an gcéad chruinniú eile a bheidh ag an gComhairle i mí Iúil. Bhí sé réidh chun bearta iomchuí a chur i bhfeidhm más gá, seachas na bearta sin a bhaineann le stóráil phríobháideach atá i bhfeidhm cheana.

## ÁBHAIR EILE A FORMHEASADH

### *TALMHAÍOCHT*

**Seasamh ón AE ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Fíniúna agus Fíona**

Dhaingnigh an Chomhairle tromlach cáilithe i bhfabhar cinnidh lena mbunófar an seasamh a bheidh le glacadh thar ceann an AE maidir leis na rúin a bheidh á bplé agus á vótáil faoi chuimsiú na hEagraíochta Idirnáisiúnta Fíniúna agus Fíona (OIV). Rinne Poblacht na Seice, an Ghearmáin, an Ostair agus an tSlóvaic vótáil ina choinne, agus staon Lucsamburg ón vótáil.

Is eagraíocht eolaíoch, theicniúil, idir-rialtasach í an OIV ina bhfuil comhaltaí, breathnóirí agus eagraíochtaí idirnáisiúnta a bhfuil stádas gníomhach ar leith acu sna hearnálacha seo a leanas: fíniúnacha, fíonta, deochanna fíonbhunaithe, fíonchaora boird, rísíní agus táirgí fíniúna eile.

Tagann an comhthionól ginearálta - comhlacht iomlánach OIV- le chéile uair sa bhliain de ghnáth ach féadtar seisiúin urghnácha a thionól freisin. Tá 44 ball ag an OIV ach níl ach 20 Ballstát mar bhaill de. Tionólfar an chéad chomhthionól ginearálta eile de chuid an OIV an 22 Meitheamh 2012. Níl stádas oifigiúil ag an AE san OIV faoi láthair.

**Comhpháirtíocht Eorpach um Nuáil maidir leis an talmhaíocht**

Ghlac an Chomhairle na conclúidí maidir leis an gComhpháirtíocht Eorpach um Nuáil (EIP) "Táirgiúlacht agus inbhuanaitheacht na talmhaíochta".

I mí an Mhárta, chuir an Coimisiún an Chomhairle ar an eolas maidir lena Theachtaireacht i dtaobh an EIP i ndáil le táirgiúlacht agus inbhuanaitheacht na talmhaíochta (*7278/12)*. Thug roinnt mhaith ballstát tacaíocht don tionscnamh, atá dírithe ar an nasc a neartú idir an talmhaíocht agus taighde chun inbhuanaitheacht a fheabhsú chomh maith leis na dúshláin a bheidh i ndán don talmhaíocht amach anseo.

Le haghaidh tuilleadh sonraí, féach Conclúidí ón gComhairle.

## ***DLÍ AN BHIA***

**Bord bainistíochta an EFSA - Ceapadh seachtar comhalta**

Ghlac an Chomhairle cinneadh lenar ceapadh seachtar comhalta ar bhord bainistíochta an Údaráis Eorpaigh um Shábháilteacht Bia (EFSA) le teacht in ionad na gcomhaltaí a mbeidh a dtréimhse istigh an 30 Meitheamh 2012 (*10429/12 + 10940/12*). Seo a leanas an seachtar a ainmníodh: Valérie Baduel (FR), Sue Davies (UK), Piergiuseppe Facelli (IT), Jaana Husu-Kallio (FI), Radu Roatis Chetan (RO), Jiri Ruprich (CZ) agus Tadeusz Wijaszka (PL).

Ghlac an Chomhairle dearbhú chomh maith inar iarradh ar an gCoimisiún na chéad choinní eile do bhord bainistíochta EFSA a thíolaic chun liosta a tharraingt aníos ina n-áireofar líon iarrthóirí atá i bhfad níos airde ná an líon comhalta a bheidh le ceapadh agus lena gcuirfear rogha ar fáil don Chomhairle maidir le comhaltaí a bhfuil cúlra acu le heagraíochtaí a dhéanann ionadaíocht thar ceann tomhaltóirí agus leasanna eile sa bhiashlabhra agus comhaltaí eile an bhoird araon, mar a cheanglaítear faoi airteagal 25(1) de rialachán 178/2002.

## ***COSAINT NA dTOMHALTÓIRÍ***

**Clár na dTomhaltóirí 2014 - 2020**

Tháinig an Chomhairle ar chomhaontú maidir le cur chuige ginearálta páirteach[1] i dtaobh chlár an AE do thomhaltóirí don tréimhse 2014-2020.

Táthar ag súil go vótálfaidh Parlaimint na hEorpa i seisiún iomlánach níos déanaí sa bhliain maidir lena tuairim ar an gcéad léamh.

Tiocfaidh an clár nua i gcomharbas ar chlár 2007-2013 i dtaca le beartas tomhaltóirí.

---

[1] Is éard is cur chuige ginearálta páirteach ann comhaontú maidir leis na gnéithe tábhachtacha de ghníomh dlí, go dtí go bhfaighfear a tuairim ó Pharlaimint na hEorpa agus go dtí go reáchtálfar an plé ábhartha maidir le creat airgeadais ilbhliantúil an AE 2014-2020.

Is é is aidhm don chlár ardleibhéal cosanta a bhaint amach do thomhaltóirí, tomhaltóirí a chumhachtú agus an tomhaltóir a chur i lár an aonaigh inmheánaigh. Cuideoidh an clár le sláinte, le sábháilteacht agus le leasanna dlíthiúla agus eacnamaíocha tomhaltóirí a chosaint, mar aon lena gceart chun faisnéise agus oideachais a chur chun cinn agus chun iad féin a eagrú ar mhaithe lena leasanna a choimirciú. Comhlánóidh sé beartais náisiúnta na mballstát i dtaca le tomhaltóirí.

Leis an teachtaireacht ón gCoimisiún "Buiséad don Eoraip 2020" dar dáta an 29 Meitheamh 2011 beartaíodh EUR 175 milliún (i bpraghsanna tairiseacha 2011) a leithdháileadh ar chlár na dtomhaltóirí don tréimhse 2014-2020. Is i gcomhthéacs bhuiséad foriomlán an AE don chéad sraith eile de pheirspictíochtaí airgeadais a chinnfear an clúdach críochnaitheach airgeadais d'fhonn an clár a chur chun feidhme.

## ***GNÓTHAÍ EACNAMAÍOCHA AGUS AIRGEADAIS***

### Dearadh bonn euro

Ghlac an Chomhairle rialachán lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 975/98 maidir le hainmníochtaí agus sonraíochtaí teicniúla bonn euro atá ceaptha lena gcur i gcúrsaíocht.

In 2009, thacaigh an Chomhairle le moladh ón gCoimisiún lena sainítear prionsabail choiteanna maidir le dearadh na dtaobhanna náisiúnta de na boinn euro. Déanfar na rialacha sin a chomhtháthú i rialachán (CE) Uimh. 975/98.

## ***COMHBHEARTAS SLÁNDÁLA AGUS COSANTA***

### EUAVSEC an tSúdáin Theas

Ghlac an Chomhairle cinneadh lena mbunaítear misean nua sibhialta an Chomhbheartais Slándála agus Cosanta chun slándáil eitlíochta a neartú in aerfort idirnáisiúnta Juba. Ag an am céanna, d'fhormheas sí coincheap na n-oibríochtaí don mhisean sin freisin. Le haghaidh tuilleadh sonraí, féach preaseisiúint *11610/12*.

***TIONSCLAÍOCHT***

**Saintreoracha teicniúla i gcomhair feithiclí rothacha**

Ghlac an Chomhairle cinneadh lena dtacaítear le leasuithe áirithe, le forlíontaí áirithe agus le ceartúcháin áirithe ar chomhaontú Choimisiún Eacnamaíochta na Náisiún Aontaithe don Eoraip (UNECE) maidir le saintreoracha teicniúla aonfhoirmeacha a ghlacadh i gcomhair feithiclí rothacha, i gcomhair trealaimh agus i gcomhair comhpháirteanna a úsáidtear i bhfeithiclí rothacha.

Forbraíonn an UNECE ceanglais chomhchuibhithe chun bacainní teicniúla a bhaint i ndáil le trádáil mótarfheithiclí idir páirtithe conarthacha an chomhaontaithe. Is páirtí conarthacha sa chomhaontú seo é an AE agus caitheann sé vóta thar ceann na mballstát.

***MAOIN INTLEACHTÚIL***

**Comhdháil Taidhleoireachta an EDMI**

Chinn an Chomhairle na treoracha caibidlíochta nuashonraithe a ghlacadh do Chomhdháil Taidhleoireachta na hEagraíochta Domhanda um Maoin Intleachtúil (EDMI) maidir le léirithe closamhairc a chosaint, ar comhdháil í a reáchtálfar an 20 go 26 Meitheamh 2012. Chinn an Chomhairle freisin na treoracha caibidlíochta a dhíriú ar an gCoimisiún, a bheidh rannpháirteach sa chomhdháil thar ceann an Chomhphobail Eorpaigh.

Reáchtáladh an Chomhdháil Taidhleoireachta dheireanach a bhí ag an EDMI sa Ghinéiv i mí na Nollag 2000, agus cuireadh ar fionraí é in uireasa comhaontaithe maidir le ceann amháin de na 20 airteagal don chonradh a bhí beartaithe, ar an tuiscint go dtionólfaí an chomhdháil an athuair a luaithe a thiocfaí ar chomhaontú maidir leis an airteagal sin a bhí fós gan réiteach, rud a tharla i mí Mheán Fómhair 2011.